

CAIBIDIL IV

ATHBHREITHNITHE BRÉAGACHA A CHOMHRAC

Airteagal 12

(Raon feidhme agus sainmhínithe)

1. Agus pointe (e) den dara mír d’Airteagal 117 den Bhunreacht agus prionsabail an Aontais Eorpaigh i réimse na hiomaíochta á gcomhlíonadh agus é mar aidhm tomhaltóirí a chosaint ó thionchar athbhreithnithe bréagacha, rialaítear leis an gCaibidil seo foilsiú athbhreithnithe ar líne a bhaineann le táirgí, sochair agus seirbhísí a thairgeann cuideachtaí lónadóireachta agus saoráidí turasóireachta atá lonnaithe san Iodáil, lena n-áirítear iad siúd de chineál gabhálach agus teirmeach, agus a bhaineann le díol spéise do thurasóirí de chineál ar bith a thairgtear ar chríoch na hIodáile, chun **an t-úsáideoir a chuir an t-athbhreithniú isteach a shainathint agus** a fhíorú go bhfuil an t-athbhreithniú iontaofa agus go dtagann sé ó thomhaltóir a d’úsáid nó a cheannaigh an táirge, an sochar nó an tseirbhís i ndáiríre.
2. Chun críocha na Caibidle seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 18 d’Fhorathne Reachtach Uimh. 206 an 6 Meán Fómhair 2005 agus in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le margadh aonair do sheirbhísí digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE.

Airteagal 13

(Ceanglais maidir le hathbhreithnithe agus cearta maoine athbhreithnithe)

1. An tomhaltóir a chruthaíonn **a chéannacht agus** úsáid iarbhír na seirbhísí nó na sochar, is féidir leis a n-athbhreithniú réasúnaithe a eisiúint tráth nach déanaí ná cúig lá dhéag ó dháta úsáide an táirge nó na seirbhíse. Chun aon ghníomhaíocht chalaoiseach a chosc, ní mór don athbhreithniú a bheith mionsonraithe agus freagrúil a dhóthain don chineál táirge a úsáidtear nó do shaintréithe na saoráide a thairgeann é.
2. Tá sé de cheart ag ionadaí dlíthiúil na saoráide athbhreithnithe nó a dtoscairí freagra a thabhairt agus a iarraidh go mbainfear athbhreithnithe a bhaineann leo, mura bhfuil an t-earra nó an tseirbhís athbhreithnithe úsáidte ag an údar, nó má tá na hathbhreithnithe míthreorach, bréagach nó áibhéalach. Tá fiontraí a bhfuil leas aige ann i dteideal freisin scríosadh athbhreithnithe a bhaineann leis nach bhfuil ann a thuilleadh a fháil, mar gheall ar dhá bhliain a bheith caite ó dháta úsáide na seirbhíse ag an údar nó bearta a ghlacadh, tar éis an athbhreithnithe, atá in ann na cúiseanna ba chúis leis an mbreithiúnas a mhodhnú nó a sháru.

Airteagal 14

(Toirmisc)

1. Gan dochar do na rialacha a leagtar síos i bhForathne Reachtach Uimh. 206 an 6 Meán Fómhair 2005, toirmiscear athbhreithnithe, léirthuisintí nó idirghníomhaíochtaí a

cheannach agus a dhíol ar chúis ar bith, lena n-áirítear idir fiontraíthe agus idirghabhálaithe, gan beann ar a scaipeadh ina dhiaidh sin. Tá toirmeasc freisin ar athbhreithnithe ó thomhaltóirí a shannadh do táirge nó do sheirbhís i ndáil le táirge nó seirbhís eile agus ar ábhar na n-athbhreithnithe a chur chun cinn agus a choinníollú trí bhíthin dreasachtaí.

2. Gan dochar do dhliteanas coiriúil, i gcás sárú ar an toirmeasc dá dtagraítear i mír 1, feidhmeoidh an tÚdarás Iomaíochta agus Margaidh na cumhachtaí imscrúdaitheacha agus smachtbhannaí a rialaítear le hAirteagal 27 d'Fhorathne Reachtach Uimh. 206 an 6 Meán Fómhair 2005.

Airteagal 15 **(Cóid iompair)**

1. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2065, rialaíonn an tÚdarás Rialála Cumarsáide, mar chomhordaitheoir náisiúnta na seirbhísí digiteacha, trí bhíthin rialacháin, glacadh cóid iompair ag idirghabhálaithe agus eintitis atá gníomhach i scaipeadh athbhreithnithe ar líne agus cuireann sé in iúl gan mhoill iad siúd atá sínithe don Údarás Iomaíochta agus Margaidh, don Aireacht Fiontar agus Déanta san Iodáil, agus don Aireacht Turasóireachta.
2. I gcás nach gcomhlíontar rabhadh an Údaráis maidir le comhlíonadh fhorálacha an rialacháin dá dtagraítear i mír 1, beidh feidhm ag Airteagal 1(30) de Dhlí Uimh. 249 an 31 Iúil 1997.
3. Sainithneofar sna cóid iompair bearta chun an saobhadh ar fhaisnéis a sholáthraítear do thomhaltóirí trí athbhreithnithe neamhfhíorúla a laghdú go héifeachtach, lena n-áirítear trí mhodhanna atá iomchuí ó thaobh na teicneolaíochta de, agus, in aon chás, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - a) **céannacht an tomhaltóra a chruthú chun críche an t-athbhreithnithe a chur isteach;**
 - b) a áirithiú go dtagann athbhreithnithe foilsithe ó thomhaltóirí a d'úsáid an tseirbhís nó an táirge;
 - c) i gcás ina bhforáiltear go bhféadfaí athbhreithniú a eisiúint, comhlíonadh Airteagal 13 a áirithiú;
 - d) trédhearcacht agus neamhchlaontacht a áirithiú i mbainistiú athbhreithnithe;
 - e) a áirithiú go mbeidh na hathbhreithnithe mionsonraithe a ndóthain le gur féidir an próiseas sáraíochta agus freagra na bpáirtithe leasmhara a cheadú;
 - f) cruinneas agus iomláine na faisnéise a áirithiú, agus ag an am céanna cosc a chur ar cheangal na n-athbhreithnithe le hábhar fógraíochta neamhdhearbhaithe;
 - g) baint athbhreithnithe a rialáil, ag cosc a bhaint gan údar maith;
 - h) brath ar ghníomhaíochtaí calaoiseacha a chumasú nó a éascú;
 - i) cosc a chur ar scoir a úsáid bunaithe ar chritéir dhoiléire nó neamh-mhínithe, nó a d'fhéadfadh, in aon chás, tomhaltóirí a chur amú.

4. Glacfaidh an tÚdarás Iomaíochta agus Margaidh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Údarás Rialála Cumarsáide, leis an Údarás um Chosaint Sonraí Pearsanta, leis an Aireacht Fiontar agus Déanta san Iodáil, agus leis an Aireacht Turasóireachta, treoirlínte sonracha chun treoir a thabhairt do chuideachtaí bearta iomchuí a ghlacadh chun barántúlacht na n-athbhreithnithe a áirithiú. Bunóidh an tÚdarás Iomaíochta agus Margaidh an nós imeachta maoirseachta freisin chun faireachán agus measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar chomhlíonadh, i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta.

Airteagal 16
(Forálacha idirthréimhseacha)

1. Ní bheidh feidhm ag forálacha na n-airteagal roimhe seo den Chaibidil seo maidir le hathbhreithnithe a foilsíodh cheana ar dháta theacht i bhfeidhm an Ghnímh seo.

Airteagal 17
(Clásal airgeadais do-athraitheach)

1. Níor cheart go mbeadh ualaí nua nó méadaithe ar airgeadas poiblí mar thoradh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo.
2. Déanfaidh an tÚdarás Iomaíochta agus Margaidh agus an tÚdarás Rialála Cumarsáide na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa Dlí seo leis na hacmhainní daonna, airgeadais agus ionstraimeacha atá ar fáil faoin reachtaíocht atá i bhfeidhm.